



Slán leis an
Samhradh, fáilte ro-
imh an Fhómhair

TAOBH ISTIGH:

Ceacht beag	2
Céim eile i scéal na maidineacha caife	2
Scéal grinn	3
Lafcadio Hearn - I	4
Turas go dtí an tSeapáin - IV	5
Réaltaí san Eanach	6
Seal ag siobaireacht	7
Buíon an Talaimh Ghlais agus Éigse	
Chluain Tarbh	8
Ar bhruach na Minho	9
Crosfhocal & Cuardach focal	10
Eachtraí Speedy	11
Na hAoirí	12
I ndíl chuimhne ar Danny Mac an tSíthigh	12
Oíche Filíochta sa Third Space, Margadh na Feirme, 12 Samhain	12



AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

Ná labhair faoi ach déan é

IMLEABHAR 4 EAGRÁN 4

IÚIL-LÚNASA 2017

AN BHFUIL SMAOINEAMH AGAT?

Beidh Conradh na Gaeilge 125 bliana ar an bhfód an bhliain seo chugainn. Tá sé i gceist acu comhordú a dhéanamh ar Bhliain na Gaeilge i 2018 mar ollcheiliúradh ar stair, saibhreas, tábhacht, agus beocht na Teanga in Éirinn agus thar lear. Tá súil acu go mbeidh imeachtaí spráíúla éagsúla á n-eagrú ar bhonn áitiúil, ar bhonn náisiúnta ar fud oileán na hÉireann, agus thar lear chomh maith, chun daoine a spreagadh chun feidhm a bhaint as a gcuid Gaeilge go rialta i rith na bliana. Is gairm chun slógaidh ([call to arms](#)) do Ghaeilgeoirí uile na tíre an t-imeacht seo. Tá naimhde na Teanga go láidir sa tír, go háirithe i measc na bpolaiteoirí, na meán agus na Státseirbhíseach. Cad is féidir linne, Gaeil na tíre, a dhéanamh?

Tosaíonn gach turas leis an gcéad chéim. Tá ceithre mhí fágtha sa bhliain seo. Tá sé in am daoibh, tar éis na laethanta saoire, luigh isteach arís ar chur chun cinn na

Gaeilge. Tá beagnach 40 Maidin Chaife ann (agus 150+ duine iontu) faoi láthair Tá réimse leathan scileanna, taithí agus cumas ag na daoine sin. An bhfuilimid ag baint feidhm astu chun an Ghaeilge a chur ar aghaidh? Conas is féidir

linn an leas is fearr a bhaint as an acmhainn dhaonna luachmhar sin?

Seo dúshlán daoibh uile, a léitheoirí. Bailigí liosta scileanna bhur gcomrádaithe i do MC/CC. Cuir tús le comhrá beag faoi Bhliain na Gaeilge. Bíodh díospóireacht dhomhain bhríomhar agaibh. B'fhéidir go dtiocfaidh dearcadh úr chun solais. Déanaigí iarracht smaointí a bhailiú agus a chur in ord éigin - ó na rudaí is fusa le cur i gcríoch go dtí iad siúd a bheadh ní ba dhúshlánaí. Bígí uailmhianach ([ambitious](#)), i dtús ar aon nós. Ansin ullmhaigí plean ghnímh ([action plan](#)) le spriocanna leagtha síos ann agus na modhanna chun iad a bhaint amach.

2018
Bliain
na Gaeilge

CEACHT BEAG GAELIGE: RÉAMHFHOCAL SIMPLÍ - 2: “GAN”



Tar éis an réamhfhocail shimplí (simple preposition) “gan (without)”:

séimhítear ainmfhocail AONAIR dar tús b, c, g, m, agus p:

gan bhád/c**h**at/g**h**loine/m**h**ac/p**h**as (without a boat/cat/glass/son/passport) **ACH**

má leanann aidiacht nó fochlásal an t-ainmfhocail ní séimhítear é:

gan bád beag/cat dubh (.small boat/black cat), gan gloine ar bith le fáil (.any glass to be had), gan mac fágtha sa teach (.son left in the house). gan pas le tabhairt dó (.to give him)

ní séimhítear ainm dílis ná ainmfhocail dar tús b, f*, s, t tar éis “gan”: gan (Seán/Cáit)/duilleog/fadhb/scáil/tagairt (without (John/Kate)/ a leaf/problem/shadow/reference)

*eisceachtaí: gan fháil (without getting), gan fhios (without knowledge)

CÉIM EILE I SCÉAL NA MAIDINEACHA CAIFE

Seosaimhín Ní Rúiséal

Tá ag éirí chomh maith sin leis na ciorcail comhrá i mBaile Átha Cliath go bhfuil muid ag leathnú amach go bailte éagsúla ar fud na tuaithe. Dé Céadaoin, Iúil ????? tháinig seachtar againn le céile ag stáisiún Heuston agus thógamar an traein go dtí Tulach Mhór. B’as Contae Uíbh Fhailí beirt de na mná inár ngrúpa agus tá eolas maith acu faoin áit.



Ní tharlaíonn forbairt mar seo gan ullmhú. Roimh ré, chuir Ben Mac Lochlainn gloach ar na meáin chumarsáide áitiúla - na nuachtáin agus stáisiúin raidió áitiúla. Thug sé cuairt ar an mbaile agus chuir sé fógraí sna siopaí ansin chomh maith. Tá craobh Chonradh na Gaeilge i dTulach Mhór agus ghlaoigh sé orthu siúd freisin.

Roghnaigh Ben an caifé Quigley’s i gceartlár an bhaile mar ionad don mhaidin chaife mar is ceann de shraith caiféanna é agus má éiríonn go maith leis an maidin caife ansin, beidh deis dul isteach i gcaiféanna eile de chuid na sraithe sin amach anseo. Tá Caifé Quigley’s i mbailte mar An tAonach, Durlas, Baile Átha Luain, Luimneach agus araile.



Sráid Phódraig


Bhí beartaithe againn bheith i láthair ar 10.30 ar maidin agus ar dtús ní raibh ann ach sinn féin agus muid ag ól tae agus caife le scónaí. Ach diaidh ar ndiaidh thosaigh muintir na háite ag teacht isteach, duine i ndiaidh duine, go dtí go raibh seisear ann. Bhíomar ag súil le níos mó ach is dócha go dtiocfaidh siad nuair a bheidh níos mó eolais acu faoin Maidin Caife. Bhí an-sult againn ag cur is ag cúiteamh agus Gaeilge go smior ag an mbeirt ó Chonradh na Gaeilge. Tá súil againn go leanfaidh siad leis. Tá sé ar intinn ag Ben an chéad

cheann eile a chur ar siúl i gCathair na Mart. Téann an traein díreach go dtí an baile agus oireann sé sin do mhuintir Bhaile Átha Cliath a bhfuil pas saorthaistil acu.

Míbhuntáiste amháin a bhaineann leis na maidineacha caife ná go mbíonn an chuid is mó de na daoine óga ag obair i rith an lae agus, mar sin, níl deis acu freastal orthu. Ach is féidir leis an dream óg bheith páirteach sna Preab Ghaeltachtaí atá ag leathnú amach tríd an tír uile (agus, ar fud an domhain chomh maith). Bíonn an príomhcheann ar siúl i mBaile Átha Cliath oíche (8.00 pm) Déardaoin deireanach gach mhí agus tá an-tóir orthu. Tá tús curtha leo anseo agus ansiúd faoin tuath agus le cúnamh Dé beidh borradh fúthu amach anseo.

SCÉAL GRINN NA MÍOSA

Nuair a chuaigh Albert Einstein ar scor fuair sé cuirí ó fhiche coláiste léacht a thabhairt iontu faoina theoricí. Ba nós lena thiománaí, Pól, suí ar chúl na léachtlainne fad a bhí Einstein ag tabhairt a léachta. Agus iad ar a shlí chuig an cúigiú coláiste dhéag dúirt Einstein leis, “*Táim dubh dóite, curtha cráite den léachtóireacht, ag rá agus ag athrá na focail céanna arís is arís eile. Is trua gur thoiligh mé mo léacht a thabhairt don oiread sin coláistí*”. “*Bhí mise i m’aisteoir sular thosaigh mé ag obair leat*”, a d’fhreagair Pól, “*táimid an méid céanna ar airde beagnach. Is furasta dom, le cabhair smididh, bréagfhoilt agus chroiméil bhréige, mé féin a ghléasadh cosúil leatsa agus, geallaim duit, nach mbeidh amhras ar aon duine ag bualadh liom faoin mbréagríocht, nach Einstein atá ann. Tá do léacht de ghlanmheabhair agam tar éis éisteacht léi ceithre huairé déag. Ní bheidh fadhb ar bith agam í a thabhairt*”. “*A leithéid de smaoinemh!*”, arsa Albert, agus loinnir ina aghaidh le lúcháir, “*bheadh sé thar a bheith greannmhar. Déanfaimid ionaid a mhalartú le chéile don chéad léacht eile*”. Rinne siad amhlaidh. Ar an lá a ceapadh chuir Uachtarán an Choláiste fáilte ó chróí roimh Pól, chuaigh sé leis go dtí an t-ardán, agus chuir sé “Einstein” in iúl don lucht féachana. Thosaig Pól go féinmhuiníneach ag caint faoi Theoiric na Coibhneasachta agus teoricí Einstein. Bhí Albert ag baint an-sásamh as agus é ina shuí ar chúl na léachtlainne, é i gculaith tiománaí, agus ag caitheamh spéaclaí gréine agus féasóg bréige (ag folú a chroiméal cháiliúil). Sheas an lucht éisteachta agus thug siad na gártha molta do Phól ag deireadh a léachta. Ach ansin chuir duine de na fisiceoirí teoriciúla lámh suas agus chuir sé ceist chasta dheacair faoin Spás-Am ar Phól. Bhí a chróí ina bhéal ag Albert ach bhí Pól inchurtha leis an ócáid agus dúirt sé leis an gceistitheoir, “*Tá do cheist chomh simplí sin go rachaidh mé i mbannaí go mbeidh mo thiománaí, atá ina shuí ar chúl na léachtlainne, in ann í a fhreagairt*”!



Foclóirín

ar scor - **retired**; cuirí - **invitations**; léacht - **lecture**; teoricí - **theories**;
 ba nós leis - **he was accustomed to**; tiománaí - **driver**; cúl - **back**; léachtlann - **lecture theatre**;
 fad - **while**; slí - **way**; dubh dóite, curtha cráite - **sick and tired**; léachtóireacht - **lecturing**;
 ag rá - **saying**; ag athrá - **repeating**; céanna - **same**; is trua - **it is a pity**; thoiligh mé - **I agreed**;
 oiread sin - **that many**; aisteoir - **actor**; thosaigh mé - **started**; an méid céanna - **the same**;
 airde - **height**; beagnach - **almost**; is furasta dom - **it is easy for me**;
 cabhair smididh - **with the help of makeup**; bréagfhoilt - **wig**;
 croiméal bréige - **false moustache**; gléadadh - **dress**; cosúil leatsa - **like you**;
 geallaim duit - **I bet you**; amhras - **doubt**; bualadh liom - **meeting me**; bréagríocht - **disguise**;
 éisteacht - **listening**; de ghlanmheabhair - **off by heart**; fadhb - **problem**; ar bith - **any**;
 a leithéid de smaoinemh - **what an idea**; loinnir ina aghaidh le lúcháir - **beaming with delight**;
 thar a bheith - **exceedingly**; greannmhar - **funny**;
 déanfaimid ionaid a mhalartú le chéile - **we will swop places**;
 don chéad léacht eile - **for the next lecture**; rinne siad amhlaidh - **they acted accordingly**;
 ar an lá a ceapadh - **on the appointed day**; Uachtarán - **President**;
 fáilte ó chróí - **hearty welcome**; ardán - **platform**; chuir sé in iúl - **he introduced**;
 lucht féachana - **audience**; go féinmhuiníneach - **self-confidently**; Teoiric - **Theory**;
 na Coibhneasachta - **of Relativity**; culaith - **uniform**; ag caitheamh - **wearing**;
 spéaclaí gréine - **sunglasses**; féasóg - **beard**; ag folú - **hiding**; lucht éisteachta - **audience**;
 gártha molta - **ovation**; fisiceoir - **physicist**; teoriciúil - **theoretical**; casta - **complicated**;

LAFCADIO HEARN - I

Cristiona Ní Choisdealbha

Ba scríbhneoir é Lafcadio Hearn. Rugadh é ar an oileán Lefkas (Lefkada) sa Mhuir Iónach sa Ghréig, 27 Meitheamh 1850. Baisteadh é mar Patricios Lefcadios Hearn in Eaglais Cheartchreidmheach ([Orthodox](#)) na Gréige. Ba Mháltach í a mháthair, Rosa Antoniou Kassimatis, agus rugadh a athair, Charles Bush Hearn i gCo Uíbh Fhailí in Éirinn. Bhí a athair ag obair mar mháinlia in Arm na Breataine. Nuair a bhog an tArm Charles go dtí na hIndiacha Thiar i 1852 sheol sé a bhean agus a mhac go dtí a chlann i mBaile Átha Cliath. Ní raibh máthair Charles, Protastúnach, róbháúil leo agus cuireadh iad chun cónaithe lena shean-aintín Sarah Holmes Brenane go luath ina dhiaidh sin. Baintreach ab ea í a bhí tar éis tiontú ina gCaitliceach. Bhí siad ina gcónaí i Sráid Líosain agus Cearnóg Laighean i Ráth Maonais agus áiteanna eile i mBaile Átha Cliath. Thug Charles cuairt ar BÁC i 1853 ach d'fhág sé a bhean chéile (agus í torrach) agus a mhac arís chun dul go dtí Leithinis an Chrimé ([Crimean Peninsula](#)). Nuair a tháinig sé abhaile, gonta go dona, trí bliana ina dhiaidh sin bhí Rosa agus a mac nua imithe ar ais go dtí an Ghréig agus bhí Lafcadio fós lena shean-aintín. Fuair Charles neamhniú ([annulment](#)) pósta, phós Rosa arís agus sheol sí an dara mac ar ais do Charles. Phós Charles arís agus chuaigh sé chuig Secunderabad lena




bhean i 1857. Ní fhaca Lafcadio a mháthair ná a athair, a fuair bás i Suez i 1866, arís. D'fhan Lafcadio le Sarah. Bhí grá mór ag Lafcadio Hearn di. D'fhan siad i mBÁC sa gheimhreadh, in eastát fhir chéile Sarah sa Trá Mhór, Co Port Láirge agus i dteach in Bangor, sa Bhreatain Bheag.

Chaith Lafcadio tréimhse i Sasana i gColáiste Naomh Cuthbert in Ushaw Co. Durham. Ba é Lafcadio an dalta ab fhearr ag scríobh aistí as Béarla sa Choláiste. Faraor bhí timpiste aige agus chaill sé an radharc i súil amháin. Bhí sé corrabhuaiseach ([self-conscious](#)) i gcónaí tar éis na timpiste sin fearacht Pádraig Mac Piarais. Chuaigh sé ansin go dtí an Fhrainc agus d'fhoghlaim sé an Fhraincis. D'aistrigh sé Guy de Maupassant go Béarla agus scríbhneoirí eile níos déanaí.

Tar éis sin chuaigh Lafcadio go dtí Cincinnati i Stáit Aontaithe Meiriceá.

Bhí sé ar an ngannchuid ([impoverished](#)) i dtús ach ansin (1872-1875) thosaigh sé ag obair mar iriseoir don *Cincinnati Daily Enquirer*. Bhí clú agus cáil air mar iriseoir go háirithe lena chuntais ghraosta ([lurid](#)) faoi dhúnmharuithe ([murders](#)). Cheap sé, tar éis tamaill, go raibh Cincinnati leadránach ([boring](#)) agus chuaigh sé i 1877 go dtí New Orleans, áit inar chaith sé deich mbliana dá shaol. D'oibrigh sé mar eagarthóir leis na nuachtáin *Daily City Item* agus *An Times Democrat*. Lean sé ar aghaidh ag aistriú scríbhneoirí Fraincise go Béarla, mar shampla Anatole France agus Pierre Loti. Scríobh sé faoin bpobal Criól ([Creole](#)), bailiúchán dá seanfhocail san áireamh, faoin mbia Criól (*La Cuisine Créole*, 1885) agus faoin vúdú ([voodoo](#)) i Louisiana. Scríobh sé don *Harper's Weekly* agus don *Scribner's Magazine* freisin.





TURAS GO DTÍ AN tSEAPÁIN - IV

Raymond Taylor

Tá an baile beag Kita-Kamakura uair an chloig ar an traein ó iardheisceart Thóiceo. Tosaíonn Conair (Trail) Daibutsu ansin, conair choillteach, 3 km ar fad, go dtí Teampall Kotokuin in Hase. Tá “*Búda mór Kamakura*” (“*The Great Buddha of Kamakura*”), ceann d’íomhánna íocónacha (iconic images) na Seapáine, suite i dtailte an teampaill sin. Dealbh, 93 tonna meáchain agus 13.35 m (43.8 tr) ar airde, de Bhúda neamhaí (celestial Buddha), Amitābha (Amida), atá inti. Teilgeadh í i gcré-umha (bronze) sa bhliain 1252 AD. Ceaptar go raibh sí óraithe (cumhdaithe le hór) uair amháin ach níl rian den ór fágtha ach timpeall cluas na deilbhe. Coinníodh ar dtús í i halla mór ach scriostaí an halla go minic i dtinte, i dtíofúin agus in súnámaí, agus mar sin, fágadh an Búda amuigh faoin spéir ó 1495 AD. Scríobh Rudyard Kipling dán faoin mBúda sin agus tá cuid de i dtosach a leabhar “*Kim*”. Bhí an Chonair féin spéisiúil, í ag casadh suas, síos agus tríd an fhoraois; tá tú an-chóngarach d’áilleachta an dúlra anseo.



Tá Yokohama, an dara cathair is mó sa tSeapáin (daonra >3 milliún), suite ar an gcósta timpeall 30 nóiméad (ar traein) ó dheas ó Thóiceo.

Baile beag iascaigh a bhí ann nuair a shroich An Comadóir Matthew Perry agus cabhlach Meiriceánach é i 1853. Chuir na Seapánaigh deireadh lena féinleithlisiú (self-isolation) a mhair 300 bliain beagnach, rinneadh príomhthairseach muirí (principal maritime gateway) den bhaile agus d’fhás sé. Tháinig na sluaite eachtrannach i dtír. Leathadh faisin agus nósanna iartharacha - tionsclaíocht, fórsaí míleata (Arm agus Cabhlach), iarnróid agus grianghrafadóireacht. Scrios críth talún go leor de Yokohama i 1923 agus scrios ruathair aeir é sa Dara Cogadh Domhanada. Tá an Baile Síneach (Chinatown) is mó sa tSeapáin ag Yokohama. Tá an ceantar i bhfad níos callánaí, níos anordúla agus níos dathannaí ná an chuid eile den chathair agus é lán de bhialanna, de shiopaí cuimhneacháin agus de dhíoltóirí sráide. Sa ghrianghraf feictear ceann de na ceithre phríomhgheata isteach don cheantar Síneach.



Tá gairdín Kenrokuen in Kanazawa, in aice le Muir na Seapáine, ar cheann de na trí cinn is fearr sa tSeapáin. Tugtar “*Gairdín na Sé Uasdiamhracht*” (Garden of the Six Sublimities) air, ag tagairt dá fhairsinge (spaciousness), dá chúlráideacht (seclusion), dá shaorgacht (artificiality), dá sheandacht (antiquity), dá fhlúirse uisce (abundant water) agus dá radhairc leathana (broad views). Tá na sé thréith sin riachtanach don ghairdín foirfe de réir teoirice Síní an tírdhreacha. Cuirtear béim ar mheascán duilliúr, carraigeacha agus lochán in ionad béim a chur ar bhláthanna. Eisceacht is ea an “*sakura*” (bláth an chrainn silíní/cherry blossom). Le teacht an Earraigh bíonn “*hanami*” (cóisirí amuigh faoin aer faoi chrainn silíní atá faoi bhláth). Tá gairdíní “*karesansui*” (tírdhreach tirim, Zen iontu) an-choitianta freisin, iad déanta de chlocha curtha go cúramach i ngairbhéal rácáilte. Tá tordhearadh (topiary) an-fhorleathan. Tá leagan amach céanna ar fhormhór gairdíní na tuaithe a fheictear ón traein, iad déanta de chrainn agus de thoir bhearrtha i gcruthanna ciorclacha.



Tá súil agam gur thug mo chuntas léargas suimiúil daoibh ar shaol rúnda na tíre iontaí seo.



RÉALTAÍ SAN EANACH

Pádraig Ó Briain



Tháinig mé ar fiseán le déanaí faoi Robert Shaw, mór réalta scannán (*Robert Shaw - Jaws, Deoch agus Deora - Vimeo*), a chuir i gcuimhne domsa cuairt ar Eanach, Oileán Acla, an bhliain seo caite agus mé in éineacht le duine áitiúil. Is áit speisialta í atá ar cheann de na dúichí is iargúlta agus is áille sa tír, gan de bhealach isteach ná amach ach de shiúl na gcos thar na cnoic nó ar bhád ar an bhfarraige.

Tá cur síos iontach ar an áit draíochta seo in alt sa *Capuchin Annual* 1975 le Thomas A Barry (Annual.capuchinfranciscans.ie/1975)

ar an teideal “[The Back of Beyond](#)” agus is fiú é a léamh. Is ann atá an loch coire ([corrie lake](#)) is ísle in Éirinn, Loch na Ciaróige ([Beetle Lake](#)) ar thaobh thuaidh an oileáin idir Sliabh Mór agus an Cruachán. Níl sí ach 16 mhéadar os cionn leibhéal na mara. Mar a deir an seanfhocal “*aithníonn ciaróg, ciaróg eile*”. Is go dtí an áit sin a chuaigh ciaróg eile mór le rá, John Lennon, in éineacht le Yoko Ono, Robert Shaw agus Ronan O’Rahilly ó *Raidió Caroline* i 1968. Bhí John Lennon tar éis an t-oileán Deoirinis a cheannach an bhliain roimhe sin agus ba é sin a chéad turas go Maigh Eo lena spéirbhean nua. Bhí siad ag taisteal in iongarán (héileacaptar) agus thuirling siad ar bhruach an locha le haghaidh picnice.



D’inis an duine áitiúil a bhí in éineacht liom scéal faoi cad a tharla lá arna mhárach. Bhí beirt fheirmeoirí thuas an cnoc ag tabhairt aire do na caoirigh nuair a tháinig siad ar fuíoll na picnice. Chuir sé ionadh an domhain ar na comharsan nuair a d’airigh siad go raibh braon ar bord acu agus iad ag teacht abhaile um thráthnóna agus gan iad a bheith in aon áit eile, seachas thuas an cnoc an lá go léir. Cé go raibh siad ólta ní raibh focal ar bith óna mbéal, agus tharla an rud ceannann céanna an lá dár gcionn. Faoi dheireadh tháinig sé chun solais cad a bhí ar siúl acu. Is amhlaidh gur fhág dream an héilicaptair cás nó dhó de bhuidéil mhóra Guinness ina ndiaidh. Níl fhios ag aon duine cén fáth ach tá piseoga forleathan faoin áit sin agus b’fhéidir go bhfaca siad an taibhse agus as go bráth leo go tapa gan an Guinness!

Is léir ón fiseán go raibh dúil mór san ól ag Robert Shaw agus níorbh aon ionadh go raibh deoch ar bord an héileacaptair aige le haghaidh na picnice. Bhí grá mór aige don tír seo agus don teanga agus i dtosach na seachtaidí chuir sé faoi i nGaeltacht Mhaigh Eo, Tuar Mhic Éadaigh, agus chuaigh sé i bhfeidhm go mór ar na daoine áitiúla. Ní raibh sé mórán le cois caoga bliain nuair a bhásaigh sé ar thaobh an bhóthair le taom chroí i 1978. Ach maireann a spiorad fós agus chuir sé gliondar orm ó chroí nuair a chuala mé a gharpháistí ag caint go líofa, agus go grámhar, ceanúil as Gaeilge faoina seanathair a rugadh i Lancashire agus a thit i ngrá leis an tír seo. Nach áit an mac an saol.




Bhí John Lennon fíor-Ghaelach ina chroí, dar le Yoko Ono agus chomh maith le sin bhí sé ar son na cúise, mar a déarfá. Thacaigh sé le Gluaiseacht Chearta Sibhialta agus le [Northern Aid](#) nuair a bhí sé ina chónaí i Nua Eabhrach sna seachtóidí. Chum sé amhrán faoi Dhomhnach na Fola i nDoire agus bhí sé ar chomhaid an FBI. Chuir sé leagan Gaeilge a ainm féin agus ainm a sheanathair ó Chontae an Dúin, Jack, ar a mhac is óige, Seán.

SEAL AG SÍOBAIREACHT - I

Roibeárd Mac Cathmhaoil

Uair amháin bhí mé féin agus mo chara ag dul go dtí an tSualainn chun obair a fháil don samhradh. Thógamar slí fhada. Chuamar ag síobaireacht (**hitch-hiking**) trí Shasana agus tríd an Bheilg agus shroicheadar an Ghearmáin. Bhí sé deacair síob a fháil sa Ghearmáin. Ní raibh na héadaí a bhí á gcaitheamh againn ródheas. Ní raibh ach jions (**jeans**) agus sean-gheansaithe orainn agus freisin bhí an mála droma a bhí agamsa briste. Tar éis cúpla lá eile ag síobaireacht shroicheadar Heidelberg, cathair an-dheas. Is ann atá an caisleán a bhí sa scannán “*The Student Prince (1954)*” agus tá an-stair ag baint leis an áit. Bhí an baile fíorghlan. D’fhéadfá do dhinnéar a ithe ón talamh. Bhí teach tábhairne deas in aice leis an gcaisleán agus chaith muid an oíche ag ól agus ag canadh agus bhí craic mhór againn go dtí a haon nó a dó a chlog ar maidin. Ag an am sin d’fhágamar an teach tábhairne agus shiúlamar go dtí páirc nach raibh rófhada ón teach. Bhí cruithneacht (**wheat**) ard ag fás ann agus i measc na cruithneachta a chodlaíomar. Ag breacadh an lae (**daybreak**) chuala mé fothram glórach agus léim mé suas. Bhí an feirmeoir ann ag gearradh na cruithneachta le tarracóir (**tractor**) mór agus é ag tiomáint inár dtreo. Bhí ádh mór orainn mar ní raibh sé in ann muid a fheiceáil agus sinne i bhfolach sa chruithneacht ard. D’fhág muid an pháirc go tapa. Chaitheadar dhá lá ag lorg



síbe ach ní raibh a oiread agus duine amháin sásta stad chun síob a thabhairt dúinn. Ar an tríú lá dúirt mo chara liom gur cheart dúinn dul go dtí Iosrael agus obair a fháil i kibbutz. Ba é sin an chéad uair i mo shaol a chuala mé an focal “*kibbutz*”. Phléamar an cheist eadrainn féin. Chaith sé bonn (**coin**) in airde (**tossed**) ag rá, “*ceann (heads) agus rachaimid go dtí Iosrael, cruit (tails) agus rachaimid go dtí an tSualainn*”.

Cheapamar go mbeadh sé níos éasca do dhuine ina aonar síob a fháil agus, mar sin, scaramar óna chéile. Bhíomar chun bualadh le chéile ag an mbrú óige (**youth hostel**) sa bhaile ba chónagaraí dúinn. Tar éis tamaill i mo aonar stad gluaisteán, ina raibh fear aosta agus bean, i m’áice. Rinne an bhean comhartha dom (**signalled me**) teacht chuici agus d’oscail sí an doras. Chuaigh mé isteach agus d’iarr sí orm “*Cá bhfuil tú ag dul?*” “*Tá mé ag dul go dtí Iosrael*”. “*Ah*”, ar sise, “*Nil muidne ag dul ach leath bhealach go dtí Baden Baden*”. Ar aghaidh leis an gcarr.

BUÍON AN TALAIMH GHLAIS AGUS ÉIGSE CHLUAIN TARBH *Antóin Ó Seaghdha*

Bhí an 38ú hÉigse Chluain Tarbh ar fheabhas i mbliana le go leor imeachtaí ar ár gcultúr agus ár dteanga agus ba é téama na hÉigse 2017 ná ‘An Rath’. Bhí sé ar siúl i Mí Bealtaine, agus bhí áthas an domhain ar Bhuíon An Talaimh Ghlais ó Fhionnradharc páirt a glacadh san Éigse. Thosaigh an Bhuíon mar Mhaidin Chaife cúpla bliain ó shin faoi stiúir Mháire Uí Bhrudaigh agus tá sé ag dul ó neart go neart ó shin. Buailimid le chéile gach Máirt ag 10.45am chun gach ábhar a phlé ón tUachtarán Trump go ‘filíocht na meánaoise’ agus gach rud ina measc. An pháirt a bhí againn in Éigse Chluain Tarbh, ná tráthnóna ‘*Dánta agus Duanta*’ i Leabharlann Mharglann Mhuiríne, Fionnradharc ar an 22 Bealtaine agus bhí slua buíoch mór i láthair ag an imeacht. Glac baill den Bhuíon go díograiseach leis an ócáid le filíocht idir sheanchumtha agus nuachumtha, ceol álainn ar an bhfeadóg agus ar an mbosca ceol, amhránaíocht den chéad scoth agus scéalaíocht. Bhí gach duine ag cleachtadh go dian i rith na seachtaine roimh an mhóroíche féin agus cé go rabhamar neirbhíseach ag dul ós comhar an lucht féachana, bhaineamar sult as an ócáid.

Rinne Áine Uí Mharcaigh sárobair mar Bhean ‘a Tí ar an oíche agus mar sin, rith gach rud i gceart. Ba mhaith linn buíochas mór a thabhairt do Sheila Uí Cheallaigh faoin obair dhian a rinne sí chun an t-imeacht a eagrú agus ‘leabhair an oíche’ a chur faoi chló. Seo a leanas ainmn na daoine a thóg páirt san oíche: Pádraig Mac Domhaill (Dánta a aithris), Derick Moicléir (Dánta nuachumtha a aithris), Deasún Ó Ceallaigh (Amhráin a rá, agus ceol ar an orgán béal), Áine Ní Chonghaile (Dánta a aithris), Máire Uí Mhuirí (Amhrán a rá agus dánta a aithris), Noel De Grás (Amhráin a rá), Máire Uí Bhrudaigh (Dánta a aithris), Pádraig Ó Brádaigh (Dánta a aithris), Áine Uí Mharcaigh (Dánta a aithris) agus Antóin Ó Séaghdha (Scéalaíocht).

Chun deireadh a chur leis an tráthnóna, chuaigh daoine go dtí An Teach Brú chun cothú d’fháil. Bhuel, is obair chrua í, an obair sin, tá fhios agat. Tá fáilte roimh gach duine bualadh isteach go Caife An Talaimh Ghlais i Fionnradharc gach Máirt agus a bheith páirteach sa chomhrá. Táimid thar a bheith buíoch do Seamus Mac Giolla Rua agus choiste Éigse Chluain Tarbh gur thug siad an deis dúinn bheith san Éigse agus táimid ag smaoinéamh leis an bhliain seo chugainn. Le cúnamh Dé, beimid go léir ann arís.



AR BHRUACH NA MINHO**In memorium Domhnall Mac a tSíthigh****21/03/1951– 09/06/2017**

(fonn: Carraig Aonair; curfá: Arthur McBride)

Ar bhruach na Minho, thar sáile i gcéin
Do tharla an tragóid do thaoisigh Gael
Aodh Rua Ó Dómhnaill is Aodh Ó Neill
Scoite gan arm ón a ndúiche féin.

Seoltar na currachaí, seoltar na báid,
Seoltar Armada a bhascadh ar fad.
Dhá ghaileon bhriste ar na mBlascaoidí
's Trinidad Valencera tóin phoill ina dhiaidh.

Ó chéad fheachtas Mhíl, Aimhirghin 's a Chlann
Bhí Gaeil ag fillleadh anall is anonn.
Aodh Rua fuair bás, Aodh Mór sa Róimh
Mar theaghlach don Phápa, An Chaoimh Rós.

Bhí amhais Gaeil ann ag teacht na nIarlaí
Ocht míle A Corunna 's fuíollach ar shlí
Gur scríobh an Gobharnóir don Rí
Farasbarr díobh a sheoladh go Betanzos.

Camino an tSáile, Camino Fireán,
Camino Daingean Uí Fhiannachta féin.
Buen Camino, Camino na nGael,
Ag seoladh ar Shlí Santiago.

Mháirseáil an Ceathrar Mór Eaglais isteach.
Bhí Breandán ag croitheadh bosca ina ghlaic
Is Danny ag cantaireacht Gaeilge 's ag ceoil
Phléasc mo chroí le meidhir is mórbhród.

Níor chualathas sa Chathair sin a leithéid
Ó aimsir na nIarlaí Seachtú Aois Déag
Duanaireacht, bhéarsaí is ceol na dtéad
Is Róisín na nOrd ag fáil tearmann.

Pádraig Duinnín a bhí taobh leo,
Tréanfhear Corcach gan aon agó,
Is Liam ó Maonlaí ag seinm go beo,
Taoiseach na *Hothouse Flowers* fadó.

Mo thrua Danny Síthigh do bhéal dúnta
I mBaile Eaglais is Iarthar Duibhne
Anam do mháthair i bparóiste Múrach,
's do naomhóg galánta i smidiríní.

Arbh í cailín óg d'fhuadaíodh fadó
Ón mBuailtín ag Máirnéalach Gallego
Nó Míl Espáinne mac Bhreogáin Rí
A mheall tú le dúshlán, a Chomráidí?

Nó draíocht na farraige fiáine doimhin
Nuair a dhúisigh Port na bPúcaí mé:
Beansí ag caoineadh ar bharr toinne
Ceataí a bádh, nó Iníon Rí na Spáinne?

Maidin Dé Luain ag a cúig a chlog
Ghlaoigh sí orm trím shuan go bog:
Buen Camino, Camino na nGael
Camino Santiago na bhFireán.

Táid laochra ceol Atlantach fós
Ag oilithreacht ó ghlúin go glúin ar cos
Dhá mhíle sé chéad bliain ón tús
Bhí dírsliocht Treibhe Israel.

Roimh Santiago bhíodar ann
Ag amharc Éireann ó Thúr Bhreogáin
Cumhacht na bóchna ár gcinniúint
Is an Costa mar reilig naomhóige.

Camino an tSáile, Camino Fireán,
Camino Daingean Uí Chúise na dtréan.
Buen Camino, Camino na nGael
Ag iomramh ar Shlí Santiago.


*Seán Ó Meara, Meitheamh 2017***Domhnall Mac a tSíthigh, RIP**



CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-28

TRASNA

SÍOS





1	edge	2	echo
5	feat	3	soul
9	apple	4	moving freely
11	scratch	5	move
12	lack	6	ask
13	cliff	7	annoying
14	letter	8	spire
16	dear	10	champion
18	herb	15	bumpkin
20	affection	17	rake
22	society	19	unit
24	rap	21	flow
25	young	22	think
27	spade	23	queer
28	latch	25	speech
30	race	26	gall
32	vision	29	clover
34	litters	31	arched
35	desire	32	neglect
36	long	37	but
40	wretched	38	pursuit
41	straight	39	hard
42	physician		
43	materialist		
44	shout		



CUARDACH FOCAL 28

moilisc 1 / molluscs 1

M	O	H	C	A	L	L	A	E	R	B	D	H	S	C
A	S	L	N	I	R	I	N	C	S	É	I	C	D	N
G	E	C	L	E	I	T	E	O	G	S	Ú	A	É	Ó
D	R	C	L	B	Ó	M	I	H	E	B	I	E	B	S
Ó	S	U	L	E	H	E	U	C	H	R	L	N	H	H
G	I	C	A	U	T	R	N	I	U	E	I	Í	L	L
M	O	I	S	C	A	I	E	A	R	L	C	L	A	I
U	O	E	H	C	R	I	G	A	M	Í	Í	L	O	O
I	G	I	D	T	H	N	S	N	L	E	N	I	S	G
R	I	N	L	H	B	R	A	Í	R	L	O	E	C	Á
I	O	C	R	E	G	C	N	O	N	I	A	T	A	N
N	Í	S	C	A	A	I	E	I	S	Ú	U	C	C	D
R	I	N	C	U	C	S	A	O	A	R	I	M	H	I
O	E	S	R	E	S	M	C	M	G	O	E	D	I	P

	
breallach (clam)	muirín (scallop)
	
cleiteog (fan mussel)	oisre (oyster)
	
cluaisín (queen scallop)	ollbhreallach (giant clam)
	
cnóshliogán (nutshell)	pideog (piddock)
	
débhlaoscach (bivalve)	rincs (shipworm)
	
diúilicín (mussel)	ruacan (cockle)
	
maighdeog (Venus shell)	scagbhrathóir (filter-feeder)
	
moileasc (mollusc)	teillíneach (tellin)




EACHTRAÍ SPEEDY

Brid Brien

Don chuid eile den lá, d’fhan Speedy an Toirtís (*tortoise*) bhocht go neirbhíseach go gcloisfeadh sé scéala faoina chara, Smokie an Cat, ach níor tháinig Smokie chuige.

“Ní dhéanann sí dearmad ar rudaí tábhachtacha de ghnáth, a dúirt Speedy, ag siúl thart i gciorcal ina chró agus ag bailiú le chéile a chuid bagáiste. Thuig sé nach dtiocfadh leis gach uile rud a thabhairt leis, ach theastaigh uaidh a chuid bhriochtaí ádhúla a thabhairt leis, a leabhar scéalta agus beagán bia a bhí curtha i leat-taobh aige don turas.



Bhí an grianghraf ann fosta. Ní rachadh sé áit ar bith gan sin a bheith leis, an t-aon ghrianghraf a bhí aige den a theaghlach agus bhí a chroí istigh ann. “Níl a fhios agam cad é a shilfeadh siad fúm anois, agus mé ag éalú ó gach aon rud”, a smaoinigh sé, ag amharc go géar ar an grianghraf sular bhrúigh sé é ina mhála a bhí ag bun na leapa.

Bhí a fhios aige nach gcodlódh sé néal an oíche sin, ach ar a laghad bheadh cúpla uair fágtha aige le cuimhneamh ar na hamanna breátha a bhí caite aige i bParthas.

Nuair a mhúscail sé an mhaidin dár gcionn, bhí fios aige go raibh duine éigin ina sheomra i rith na hoíche mar bhí a mhála ar iarraidh agus a ghrianghraf den a theaghlach ina shuí ar an mbord cois na leapa.

FÓGRA DON DIALANN

Beidh deis agaibh bualadh le cuid de scríbhneoirí ATÓT agus éisteacht leo ag léamh cuid de na hailt a scríobh siad. Beidh an ócáid ar siúl i Leabharlann an Phiarsaigh, Sráid an Phiarsaigh, ag

6.15 - 8.00 pm, ar an Máirt, 12 Meán Fómhair.

Fáilte roimh chách agus **saor in aisce**. Bí linn ar an oíche. Beidh ceol an freisin. B’fhéidir go spreagfaidh sé thú alt do chuid féin a scríobh dúinn!

CROSFHOCAL BG XBG-27: RÉITEACH

	¹ B	² A	I	³ N	I	⁴ S		⁵ S	A	⁶ L	A	⁷ C	H	
⁸ S		N		A		⁹ N	I	A		Á		A		¹⁰ L
¹¹ C	I	A	P	T	H	A		¹² I	O	M	Á	N	A	Í
	E		L		H		O		N		H		C	
¹³ I	A	L	L		¹⁴ F	I	¹⁵ D	I	L		¹⁶ A	R	Á	N
	L		Ó		¹⁷ S		¹⁸ S	É	Ú		¹⁹ A		Á	
²⁰ G	A	D	H	A	²¹ R		A		²² M	I	A	N	²³ T	A
					²⁴ C	E	A	N	N	A	S			O
²⁵ S	²⁶ É		²⁷ L	A	O		T		²⁸ C	I	G	²⁹ I	R	³⁰ E
³¹ N	A				R		³² C	Ú	³³ R		G		O	O
³⁴ I	N	³⁵ N	É		³⁶ C	A	S	Ú	R		³⁷ S	M	Á	L
	O		Í		³⁸ S		S		B		³⁹ S		A	A
⁴⁰ G	I	O	B	T	H	A		⁴¹ A	N	C	H	R	O	Í
			N		U		⁴² D	Ú	R		A		C	
⁴³ I	O	N	T	A	C	H		⁴⁴ B	A	R	D	A	S	

CUARDACH FOCAL 27: RÉITEACH

G	R	I	Ó	T	S	O	I	R	C	S	G	A	U	T
L	D	Á	H	B	R	A	U	L	U	F	H	A	L	N
A	G	U	T	E	L	Í	I	E	A	C	L	P	L	Á
S	E	S	T	A	R	P	R	E	A	F	T	I	A	T
T	R	A	I	R	É	A	T	H	A	T	R	Ú	S	L
L	I	C	L	A	P	É	T	R	M	S	H	R	G	A
O	D	U	R	T	B	R	A	É	L	L	E	A	F	G
N	I	R	A	B	Á	I	D	Í	N	A	N	I	R	M
G	E	A	É	L	I	N	T	H	L	D	F	C	I	É
D	R	L	L	A	R	U	T	Á	A	I	U	É	O	Í
E	D	I	T	C	S	A	R	L	N	R	R	A	E	R
R	U	R	E	S	E	T	A	L	A	Í	R	Í	R	T
D	Á	H	B	S	A	U	L	C	R	A	É	P	L	C
C	U	R	R	A	C	L	H	T	R	A	L	É	I	R

SEANFHOCAL

Níl tuile dá mhéid ná tránn
Even the biggest flood flows away

Na hAoirí (Nollag 1997)
(Tagairt é seo do roinnt daoine i gcumhacht sa Stát nó san Eaglais nach raibh, im' thuairim-se ag comhlíonadh a ndualgaisí i gceart).

Olc an t-aoire thréig a thréad
Dualgas dó a gcosaint siúd
Ní thig le tuarastal ná séad
Cur ar cheal an ceangal úd.

Aithris ar a aoireacht féin
D'éiligh uainn aonmhac Dé
Cothú coirp is anm' araon
Cuardach caoirigh raghadh ar strae.

Chuir sé siúd go ceanúil
Uan gonta ar a ghuaillibh -
Iomad aoire maslúil
Faraor go bhfeicthear dúinne!

Cuirid last ar chaoirigh
Gan cabhrú leo é iompar -
Crua an t-abhar caointe
Na h-aoirí úd bheith cionntach.

Ní fheicthear uain go súgrach
Ar chnoc nó bán ag léimnigh
- Ró-mhór ró-throm a n-ualach,
Aoirí ar dhroim na gcaorach!

Derick Moicléir

I ndíl chuimhne ar Danny Mac an tSithigh

Chualas a ghuth, guth ceolmhar Chorca Dhuibhne
is thiteas i ngrá léi, láithreach bonn
siollaí ár muintire ag teacht is ag imeacht,
focla ár sinsir i bhfad fad ó shin.

Guth nár chualas ariamh thar na blianta,
Teanga mo shinsir, chomh taitneamhach le clos,
guth láidir Danny is é i mbun cainte
ag aithris a chuid dánta go ceolmhar binn.

Fear mór na Gaelainne, de ló is d'óiche,
fear mór na dúthaí agus é i mbun siúil,
aithne phearsanta ar na carraigeacha is an timpeallacht,
ar na cnnoic naofa, agus Cé Chuas na Nae.

Is é ar a thuras deireanach san naomhóg bheannaithe
gan éinne in éineacht leis, ach an bás is é féin
ag dul chun an tsolais, solas na síoraíochta
is a anam roimhis, ag oscailt is ag fás.

Pádraig Ó Muircheartaigh

OÍCHE FILÍOCHTA

Third Space



Margadh na Feirme (Smithfield, BÁC 7)
(trasna na cearnóige ó Dhrioglan Jameson
Across square from Jameson Distillery
LUAS Dearg/ Redline

Dé Domhnaigh, 12 Samhain 2017 ag 7.00 pm
(Osclófar an doras ag 6.45 pm)

Filíocht le Ceol & Amhránaíocht

Mearóga Bia
(beidh deochanna ar fáil le
ceannach ar an oíche)

Costas: €25 an duine
€15 chun a chur in áirithe

[Tabharthas do Charthanais Áitiúla:
beidh €5 de chostas an duine roinnte idir

The Sanctuary (Sr Stan) agus
The Capuchin Day Centre (Br Kevin & Br Seán)].

Aoifhilí

Micheál Ó Ruairc
Réaltán Ní Leannáin
Scott de Buitléir



Teagmhailithe:

Seán Ó Coileáin
0872351825 johnpascalcol-
lins@hotmail.com



Rae Ó Ceallaigh
0879490186



Padraig Ó Muircheartaigh
0851363825

Póilín de Grás
0861071173

